2025/1902

26.9.2025

Ní bhíonn éifeacht dhlíthiúil ach ag téacsanna bunaidh CEE-NA faoin dlí poiblí idirnáisiúnta. Ba cheart stádas agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheiceáil sa leagan is déanaí de dhoiciméad stádais CEE-NA TRANS/WP.29/343, doiciméad atá ar fáil ag: https://unece.org/status-1958-agreement-and-annexed-regulations

Rialachán Uimh. 39 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí i ndáil leis an trealamh luasmhéadair agus odaiméadair lena n-áirítear suiteáil an trealaimh sin [2025/1902]

Ina n-ionchorpraítear gach téacs bailí suas go dtí:
Sraith leasuithe 02 – Dáta teacht i bhfeidhm: An 26 Meán Fómhair 2025

Is áis doiciméadúcháin amháin an doiciméad seo. Is é an téacs atá barántúil agus ceangailteach de réir dlí: ECE/TRANS/WP.29/2025/18/Rev.1

CLÁR

RIALACHÁN

1. Raon feidhme
2. Sainmhínithe
3. Iarratas ar Cheadú
4. Ceadú
5. Sonraíochtaí
6. Modhnuithe ar an gCineál Feithicle
7. Comhréireacht Táirgeachta
8. Pionóis mar gheall ar Neamh-Chomhréireacht Táirgeachta
9. Ainmneacha agus Seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá Freagrach as Tástálacha Ceadaithe a Dhéanamh, agus Ainmneacha agus Seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe
10. Forálacha Idirthréimhseacha

IARSCRÍBHINNÍ

1 Cumarsáid
2 Leagan Amach Marcanna Ceadaithe
3 Cruinneas an Luasmhéadair a thástáil ar mhaithe le Comhréireacht Táirgeachta
4 Cruinneas Trealaimh Odaiméadair a thástáil
5 Doiciméad Faisnéise

1. Raon feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le ceadú feithiclí de chatagóirí L, M agus N [1]

2. Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

2.1. Ciallaíonn '*ceadú feithicle*' ceadú cineáil feithicle maidir leis an trealamh luasmhéadair agus odaiméadair lena n-áirítear suiteáil an trealaimh sin.

[1] Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3.), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev. 7, mír 2. - https://unece.org/transport/standards/transport/vehicle-regulations-wp29/resolutions.

2.2. Ciallaíonn '*cineál feithicle i ndáil lena luasmhéadar agus lena hodaiméadar*' feithiclí nach bhfuil aon difríocht fhíor-riachtanach eatarthu féin, i gcás ina bhféadfadh feidhm a bheith ag na difríochtaí sin, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

2.2.1. Ainmniú méide na mbonn a roghnaítear ó raon na mbonn a fheistítear de ghnáth;

2.2.2. Cóimheas foriomlán an traiseolta, lena n-áirítear aon tiomántán laghdaithe, ón luasmhéadar agus ón odaiméadar;

2.2.3. An cineál luasmhéadair a shaintréithrítear de réir na nithe seo a leanas:

2.2.3.1. Lamháltais mheicníocht tomhais an luasmhéadair;

2.2.3.2. Tairiseach teicniúil an luasmhéadair;

2.2.3.3. Raon na luasanna a thaispeántar.

2.2.4. An cineál odaiméadair a shaintréithrítear de réir na nithe seo a leanas

2.2.4.1. Tairiseach teicniúil an odaiméadair;

2.2.4.2. Líon na n-uimhreacha.

2.3. Ciallaíonn '*boinn a fheistítear de ghnáth*' an cineál nó na cineálacha boinn a sholáthraíonn an monaróir ar an gcineál feithicle atá i gceist; ní mheasfar boinn sneachta a bheith ina mboinn a fheistítear de gnáth;

2.4. Ciallaíonn '*gnáthbhrú reatha*' an brú teannaidh boinn fhuair arna shonrú ag monaróir na feithicle arna mhéadú faoi 200 hPa;

2.5. Ciallaíonn '*luasmhéadar*' an chuid sin den trealamh luasmhéadair a chuireann luas na feithicle in iúl don tiománaí ag aon tráth ar leith;

2.5.1. Ciallaíonn '*lamháltais mheicníocht tomhais an luasmhéadair*' cruinneas na hionstraime luasmhéadair í féin, arna shloinneadh mar na teorainneacha léirithe luais uachtaracha agus íochtaracha le haghaidh raon ionchur luais;

2.5.2. Ciallaíonn '*tairiseach teicniúil an luasmhéadair* an ghaolmhaireacht idir na himrothluithe ionchuir nó na bíoga in aghaidh an nóiméid agus luas sonraithe a thaispeántar;

2.6. Ciallaíonn '*odaiméadar*' an chuid sin den trealamh odaiméadair a chuireann in iúl don tiománaí an fad iomlán atá tiomáinte ag an bhfeithicil.

2.6.1. Ciallaíonn '*tairiseach teicniúil an odaiméadair*' an ghaolmhaireacht idir na himrothluithe nó na bíoga ionchuir agus an fad atá tiomáinte ag an bhfeithicil.

2.6.2. Ciallaíonn '*an fad iomlán a chuirtear in iúl*' an fad a thaispeánann an t-odaiméadar.

2.6.3. Ciallaíonn '*an fíorachar a thaistealaítear*' an fíorachar atá tiomáinte ag an bhfeithicil chun críoch na tástála faoi Iarscríbhinn 4.

2.6.4. Ciallaíonn '*luach iomlán achair*' luachanna míleáiste ar luachanna iad atá le cur ar fáil agus a bhaineann leis an bhfad iomlán atá tiomáinte ag an bhfeithicil.

2.6.5. Ciallaíonn '*trealamh Tacagraif nó trealamh Taifeadta*' an trealamh a bheartaítear a shuiteáil i bhfeithiclí bóthair chun sonraí a bhaineann le gluaiseacht feithiclí den sórt sin a thaispeáint, a thaifeadadh, a phriontáil, a stóráil agus a aschur. Cuimsítear sna sonraí a thaifeadtar an fad éifeachtach a thaistealaítear, sonraí calabrúcháin na feithicle agus loga teagmhas agus lochtanna.

Is é atá sa trealamh taifeadta aonad feithicle agus braiteoir gluaisne.

Déanann an t-aonad feithicle cumarsáid leis an mbraiteoir gluaisne ar bhealach slán.

2.6.5.1. Ciallaíonn '*aonad feithicle*' an trealamh taifeadta seachas an braiteoir gluaisne agus na cáblaí lena nasctar an braiteoir gluaisne.

2.6.5.2. Ciallaíonn '*braiteoir gluaisne*' cuid den trealamh taifeadta lena dtugtar comhartha atá ionadaíoch do luas na feithicle agus/nó don fhad a taistealaíodh.

2.6.6. Ciallaíonn '*Aonad Athsholáthair Tacagraif (AAT)*' feiste a spreagann feidhmeanna tacagraif nó trealaimh taifeadta atá riachtanach chun oibriú i gcás feithiclí nach gceanglaítear tacagraf a fheistiú orthu de réir na reachtaíochta náisiúnta.

2.6.7. Ciallaíonn '*odaiméadar atá go hiomlán meicniúil*' trealamh odaiméadair ina ndéantar tairiseach teicniúil an odaiméadair a chinneadh trí theaglamaí giair ionchuir agus aschuir sa traiseoladh go meicniúil, agus nach gcuirtear aon cheartú leictreach i bhfeidhm ina leith.

2.7. Ciallaíonn '*feithicil gan ualach*' an fheithicil in ord reatha, agus í comhlán maidir le breosla, fuarthán, bealadh, uirlisí agus roth spártha (má sholáthraíonn monaróir na feithicle é mar threalamh caighdeánach), agus tiománaí á iompar aici ina bhfuil meáchan 75 kg, ach gan aon mháta tiománaí, aon ghabhálais roghnacha ná aon ualach a áireamh.

2.8. Ciallaíonn '*crioscaíl*' aon ghníomhaíocht arb é is aidhm di luachanna míleáiste atá á stóráil agus/nó á dtaispeáint a thaifeadadh go míchruinn nó mífhaisnéis a thabhairt ina leith.

3. Iarratas ar Cheadú

3.1. Déanfaidh monaróir na feithicle nó ionadaí an mhonaróra feithicle atá creidiúnaithe go cuí an t-iarratas ar chineál feithicle a cheadú maidir leis an trealamh luasmhéadair agus odaiméadair, lena n-áirítear suiteáil an trealaimh sin, a chur faoi bhráid Údarás Cineálcheadaithe an Pháirtí Chonarthaigh i gcomhréir le forálacha Sceideal 3 de Chomhaontú 1958.

3.2. Beidh na doiciméid seo a leanas (tugtar samhail den doiciméad faisnéise in Iarscríbhinn 5) ag gabháil leis:

3.2.1. Tuairisc ar an gcineál feithicle maidir leis na hítimí a luaitear i míreanna 2.2., 2.3., 2.4., 2.5. agus 2.6. thuas; sonrófar an cineál feithicle.

3.3. Déanfar feithicil gan ualach atá ionadaíoch don chineál feithicle atá le ceadú a chur faoi bhráid na seirbhíse teicniúla a dhéanann tástálacha ceadaithe.

3.4. Sula ndeonófar cineálcheadú, fíoróidh an tÚdarás Cineálcheadaithe go bhfuil socruithe sásúla i bhfeidhm lena áirithiú go rialófar an chomhréireacht táirgeachta go héifeachtach.

4. Ceadú

4.1. Más rud é, maidir leis an gcineál feithicle a thíolactar lena cheadú de bhun an Rialacháin seo, go gcomhlíonann sé ceanglais an Rialacháin i leith an trealaimh luasmhéadair agus odaiméadair, lena n-áirítear suiteáil an trealaimh sin, deonófar ceadú don chineál feithicle sin.

4.2. Sannfar uimhir cheadaithe do gach cineál a cheadófar i gcomhréir le Sceideal 4 den Chomhaontú (E/ECE/TRANS/505/Rev.3).

4.3. Déanfar fógra maidir le ceadú nó diúltú nó maidir le síneadh a chur le ceadú nó é a tharraingt siar, nó maidir le scor cinntitheach de tháirgeadh cineáil feithicle, de bhun an Rialacháin seo, a thabhairt do na Páirtithe sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm trí bhíthin foirm atá i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo agus le léaráidí den tsuiteáil, arna soláthar ag an iarratasóir ar cheadú.

4.4. Déanfar marc ceadaithe idirnáisiúnta, a shonrófar ar an bhfoirm ceadaithe, a ghreamú, i suíomh feiceálach so-rochtana, de gach feithicil atá i gcomhréir le cineál feithicle a cheadaítear faoin Rialachán seo, ar marc é arb é a bheidh ann:

4.4.1. Ciorcal timpeall ar an litir 'E' agus ina dhiaidh sin, sainuimhir na tíre a dheonaigh an ceadú; ([2])

4.4.2. Ar thaobh na láimhe deise den chiorcal ar a dtugtar tuairisc i mír 4.4.1., uimhir an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin, an litir 'R', dais agus an uimhir cheadaithe.

4.5. Má tá an fheithicil i gcomhréir, sa tír a dheonaigh ceadú faoin Rialachán seo, le cineál feithicle atá ceadaithe faoi cheann amháin nó níos mó de na Rialacháin eile atá i gceangal leis an gComhaontú, ní gá an tsiombail a leagtar síos i mír 4.4.1. a chur ann arís; i gcás den sórt sin, déanfar na huimhreacha agus na siombailí breise de chuid na Rialachán uile faoinar deonaíodh ceadú sa tír a dheonaigh ceadú faoin Rialachán seo a chur i gcolúin ingearacha ar thaobh na láimhe deise den tsiombail a fhorordaítear i mír 4.4.1.

4.6. Beidh an marc ceadaithe soléite agus beidh sé doscriosta.

4.7. Pláta sonraí na feithicle, pláta a bheidh greamaithe ar an bhfeithicil ag an monaróir, is ar an bpláta sin nó gar dó a chuirfear an marc ceadaithe.

4.8. In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo, tugtar samplaí de leagan amach marcanna ceadaithe.

5. Sonraíochtaí

5.1. Déanfar luasmhéadar agus odaiméadar ar bord a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo a fheistiú ar an bhfeithicil atá le ceadú. Má tá níos mó ná luasmhéadar nó odaiméadar amháin ar bord feistithe ar an bhfeithicil, comhlíonfaidh na luasmhéadair agus na hodaiméadair sin uile ceanglais uile an Rialacháin seo. Ní cheadaítear grádúcháin ná luachanna uimhriúla breise.

Ní mheastar Tacagraif ná trealamh Taifeadta, ná Aonaid Athsholáthair Tacagraif a bheith ina luasmhéadar ná ina n-odaiméadar ar bord chun críoch na míre seo.

5.2. Luasmhéadar

Beidh taispeáint an luasmhéadair suite laistigh de réimse radhairc díreach an tiománaí agus ní mór dó a bheith inléite go soiléir de lá agus d'oíche araon. Ní mór raon na luasanna a thaispeántar a bheith leathan go leor chun luas uasta an chineáil seo feithicle mar atá sonraithe ag an monaróir a chur san áireamh.

5.2.1. I gcás luasmhéadair atá ceaptha le haghaidh feithiclí de Chatagóirí M, N, agus L_3, L_4, L_5, agus L_7, is é 1, 2, 5 nó 10 km/u a bheidh sa ghrádúchán. Déanfar luachanna uimhriúla an luais a áireamh ar an taispeáint mar a leanas: nuair nach mó ná 200 km/u an luach is airde ar an taispeáint, léireofar luachanna luais de réir eatraimh nach mó ná 20 km/u. Nuair is mó ná 200 km/u an luach uasta ar an taispeáint, léireofar na luachanna luais de réir eatraimh nach mó ná 30 km/u. Ní gá na heatraimh luais uimhriúla a léirítear a bheith aonfhoirmeach.

([2]) Déantar sainuimhreacha na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 a atáirgeadh in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev. 7, Iarscríbhinn 3 - https://unece.org/transport/standards/transport/vehicle-regulations-wp29/resolutions.

Má fhágann socrú ar leith gur féidir leis an tiománaí rogha a dhéanamh idir an luas in km/u agus msu (mílte san uair), ní fhéadfar an luas a thaispeáint ach in km/u nó msu aon tráth áirithe. Taispeánfar an t-aonad comhfhreagrach go buan.

5.2.2. I gcás feithiclí de Chatagóirí M, N, agus L_3, L_4, L_5 agus L_7 a mhonaraítear lena ndíol in aon tír ina n-úsáidtear aonaid impiriúla, déanfar an luasmhéadar a mharcáil i mílte san uair (msu) freisin; is é 1, 2, 5 nó 10 msu a bheidh sna grádúcháin.

Féadfar an luas a thaispeáint in km/u nó in msu aon tráth áirithe ar choinníoll go gcumasaíonn socrú don tiománaí rogha a dhéanamh idir an luas in km/u agus in msu, agus sa chás sin taispeánfar an t-aonad comhfhreagrach go buan.

Léireofar luachanna uimhriúla an luais ar an taispeáint de réir eatraimh nach mó ná 20 msu agus ag tosú ag 10 msu nó 20 msu. Ní gá na heatraimh luacha luais uimhriúla a léirítear a bheith aonfhoirmeach.

5.2.3. I gcás luasmhéadair atá ceaptha le haghaidh feithiclí de Chatagóirí L_1 (móipéid), L_2 agus, L_6 , ní rachaidh na léamha taispeána thar 80 km/u. Is é 1, 2, 5 nó 10 km/u a bheidh sa ghrádúchán agus ní rachaidh luachanna uimhriúla marcáilte an luais a léirítear thar 10 km/u, Ní gá na heatraimh luacha luais uimhriúla a léirítear a bheith aonfhoirmeach.

5.2.4. I gcás feithiclí de chatagóirí L_1, L_2 agus L_6 a mhonaraítear lena ndíol in aon tír ina n-úsáidtear aonaid impiriúla, déanfar an luasmhéadar a mharcáil in msu freisin; is é 1, 2, 5 nó 10 msu a bheidh sa ghrádúchán. Léireofar luachanna uimhriúla an luais ar an taispeáint de réir eatraimh nach mó ná 10 msu agus ag tosú ag 10 msu nó 20 msu. Ní gá na heatraimh luacha luais uimhriúla a léirítear a bheith aonfhoirmeach. Má fhágann socrú gur féidir leis an tiománaí rogha a dhéanamh idir an luas in km/u agus msu, ní fhéadfar an luas a thaispeáint ach in km/u nó in msu aon tráth áirithe. Taispeánfar an t-aonad comhfhreagrach go buan.

5.3. Déanfar cruinneas an trealaimh luasmhéadair a thástáil i gcomhréir leis an nós imeachta seo a leanas:

5.3.1. Beidh na boinn ar cheann de na cineálacha a fheistítear ar an bhfeithicil de ghnáth mar atá sainmhínithe i mír 2.3. den Rialachán seo. Déanfar tástáil ar gach cineál luasmhéadair atá ceaptha lena fheistiú ag an monaróir.

5.3.2. Déanfar an tástáil agus an fheithicil ag a meáchan gan ualach. Is féidir meáchan breise a iompar chun críoch tomhais. Léireofar meáchan na feithicle agus dáileadh an mheáchain idir na hacastóirí sa chumarsáid maidir le ceadú (féach Iarscríbhinn 1, mír 7.);

5.3.3. Is é an teocht tagartha ag an luasmhéadar 23 ± 5 °C, más ábhartha le haghaidh na tástála de rogha na Seirbhíse Teicniúla atá freagrach as an tástáil a dhéanamh;

5.3.4. Le linn gach tástála, is é brú na mbonn an gnáthbhrú reatha mar atá sainmhínithe i mír 2.4.;

5.3.5. Déantar an fheithicil a thástáil ag na luasanna seo a leanas:

Uasluas dearaidh (Vmax) na feithicle arna sonrú ag monaróir na feithicle (km/u)	Luas tástála (V_1) (km/u)
Vmax ≤ 45	80 % de Vmax
45 < Vmax ≤ 100	40 km/u agus 80 % Vmax (más é ≥ 55 km/u an luas a eascraíonn as sin)
100 < Vmax ≤ 150	40 km/u, 80 km/u agus 80 % Vmax (más é ≥ 100 km/u an luas a eascraíonn as sin)
150 < Vmax	40 km/u, 80 km/u agus 120 km/u

5.3.6. Beidh an ionstraimíocht tástála a úsáidtear chun fíorluas na feithicle a thomhas cruinn go ± 0,5 faoin gcéad;

5.3.6.1. Beidh dromchla raoin tástála cothrom nuair a úsáidtear é, agus soláthrófar leis greamaitheacht leordhóthanach;

5.3.6.2. Má úsáidtear dinimiméadar rollóra le haghaidh na tástála, ba cheart trastomhas an rollóra a bheith 0,4 m ar a laghad;

5.4. Ní bheidh an luas a léirítear níos lú ná fíorluas na feithicle. Ag na luasanna tástála a shonraítear i mír 5.3.5. thuas, beidh an gaol seo a leanas idir an luas a thaispeántar (V_1) agus an fíorluas (V_2).

$$0 \leq (V_1 - V_2) \leq 0.1\ V_2 + 4\ \text{km/u}$$

5.5. Trealamh Odaiméadair

Beidh taispeáint an odaiméadair infheicthe nó inrochtana ag an tiománaí. Taispeánfaidh an t-odaiméadar slánuimhir ar a laghad atá comhdhéanta de 6 uimhir i gcás feithiclí de chatagóirí M agus N, agus, ar a laghad, slánuimhir atá comhdhéanta de 5 uimhir i gcás fheithiclí de chatagóir L. Mar sin féin, féadfaidh na hÚdaráis Cineálcheadaithe glacadh le slánuimhir atá comhdhéanta de 5 uimhir ar a laghad le haghaidh feithiclí chatagóirí M agus N má tá údar maith leis sin mar thoradh ar úsáid bheartaithe na feithicil.

5.5.1. I gcás feithiclí a mhonaraítear lena ndíol in aon tír ina n-úsáidtear aonaid impiriúla, beidh an t-odaiméadar marcáilte i mílte.

5.5.2. Taispeánfaidh an t-odaiméadar an t-achar san aonad a chomhfhreagraíonn d'achar an phríomhscála luasmhéadair. Má fhágann socrú gur féidir leis an tiománaí achar taispeána an odaiméadair a roghnú in km nó i mílte, beag beann ar an luasmhéadar, sainaithneoidh an t-odaiméadar an t-aonad a úsáidtear.

5.6. Trealamh Odaiméadair – Cruinneas

Níl feidhm ag míreanna 5.7. go 5.9. ná ag míreanna 5.11. go 5.12., maidir le feithiclí a bhfuil odaiméadair mheicniúla amháin feistithe orthu.

Níl feidhm ag míreanna 5.9, ná ag míreanna 5.11. go 5.12. maidir le feithiclí chatagóir L.

I gcás feithiclí a bhfuil tacagraf nó trealamh taifeadta feistithe orthu, nó i gcás inarb é aonad athsholáthair tacagraf an t-aon fhoinse amháin chun míleáiste a thomhas, meastar go gcomhlíontar ceanglais mhíreanna 5.7. go 5.9. agus 5.12. má tá slándáil agus cruinneas an trealaimh taifeadta coibhéiseach ar a laghad le ceanglais an Rialacháin seo de chuid NA.

5.7. Déanfar cruinneas an trealaimh odaiméadair a thástáil i gcomhréir leis an nós imeachta tástála a fhorordaítear in Iarscríbhinn 4.

5.8. Ní imeoidh an t-achar iomlán a léirítear níos mó ná ± 4.0 faoin gcéad ón bhfíorachar a thaistealaítear mar a chinntear i mír 5.7.

5.9. Nuair a sholáthraítear luachanna achair iomlána leis an bport sonraí srathach ar an nascóir caighdeánaithe nasctha sonraí, mar a shonraítear i mír 6.5.3 d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn C5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiún Aontaithe nó mar a shonraítear i mír 4.7.3. d'Iarscríbhinn 9B a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe, ní imeoidh na luachanna sin ón achar iomlán (slánaithe) a léirítear. Níl feidhm aige sin, áfach, maidir leis an achar iomlán a thaistealaítear (saolré) mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

5.10. Odaiméadar – Ginearálta

Maidir leis na luachanna iomlána achair agus an t-achar iomlán a léirítear, beidh taifeach acu atá níos fearr ná 1 km nó 1 mhíle nó atá cothrom leis sin, de réir mar is iomchuí.

5.11. I gcás cliseadh atá inbhraite go leictreach agus lena gcuirtear cosc ar chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis an odaiméadar, cuirfear tásc mífheidhme ar fáil don tiománaí, mura rud é go bhfuil sé cumhdaithe cheana féin le rabhaidh maidir le cliseadh eile agus/nó le dálaí eile a ghabhann le cliseadh.

5.11.1. Beidh an tásc mífheidhme gníomhach nuair a tharlaíonn an mhífheidhm agus fanfaidh sé gníomhach fad a mhaireann an mhífheidhm. Féadfar é a chur ar ceal go sealadach, ach déanfar arís é gach uair a ghníomhachtaítear an adhaint nó máistirlasc rialaithe na feithicle.

5.11.2. Tráth an chineálcheadaithe, déanfar modh léirithe mífheidhme arna roghnú ag an monaróir a leagan amach faoi rún.

5.12. Odaiméadar – Frithchrioscaíl agus Bainistiú Slándála

Déanfar an t-achar iomlán a léirítear agus na luachanna iomlána achair a chosaint ar ionramháil.

Measfar é sin a bheith comhlíonta sna cásanna seo a leanas:

(a) tá córas bainistíochta an mhonaróra, lena gcuimsítear cibearshlándáil, ag comhlíonadh cheanglais ábhartha Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe, na leasuithe bunaidh nó aon sraith leasuithe ina dhiaidh sin, maidir leis an achar iomlán a léirítear agus maidir leis na luachanna achair iomlána

agus

(b) cuirtear maoluithe comhréireacha chun feidhme, lena n-áirítear maolú 7 dá dtagraítear in Iarscríbhinn 5, Cuid B, Tábla B5 de Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe, nó tá siad coibhéiseach leis an maolú sin.

6. Modhnuithe ar an gCineál feithicle

6.1. Cuirfear gach modhnú ar an gcineál feithicle in iúl don Údarás Cineálcheadaithe a cheadaigh an cineál feithicle. Ina dhiaidh sin, féadfaidh an tÚdarás ceann díobh seo a leanas a dhéanamh:

6.1.1. A mheas nach dócha go mbeidh éifeacht dhíobhálach shuntasach ag na modhnuithe a rinneadh agus go gcomhlíonann an fheithicil na ceanglais fós in aon chás; nó

6.1.2. Tuarascáil ar thástáil bhreise a éileamh ón tSeirbhís Theicniúil atá freagrach as na tástálacha a dhéanamh.

6.2. Déanfar fógra faoi dheimhnithe nó faoi dhiúltú ceadaithe, agus sonraí na modhnuithe in éineacht leo, a chur in iúl de réir an nós imeachta a shonraítear i mír 4.3. thuas do na Páirtithe sa Chomhaontú lena gcuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm.

7. Comhréireacht Táirgeachta

7.1. Beidh na nósanna imeachta comhréireachta táirgeachta i gcomhréir leo sin a leagtar amach sa Chomhaontú, Sceideal 1 (E/ECE/TRANS/505/Rev.3) agus na ceanglais seo a leanas ann:

7.2. Déanfar gach feithicil arna ceadú faoin Rialachán seo a mhonarú sa chaoi go mbeidh sí i gcomhréir leis an gcineál a cheadaítear trí cheanglais an choda (nó na gcodanna) ábhartha den Rialachán seo a chomhlíonadh.

7.3. I gcás gach cineáil feithicle, déantar seiceálacha leordhóthanacha ar an trealamh luasmhéadair agus ar shuiteáil an trealaimh sin; go háirithe, i gcás gach cineáil feithicle, ar a laghad, déanfar an tástáil a fhorordaítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo.

7.4. Féadfaidh an tÚdarás, a bhfuil cineálcheadú deonaithe aige, na modhanna rialaithe comhréireachta arna gcur i bhfeidhm i ngach saoráid táirgeachta a fhíorú ag am ar bith. Uair amháin gach 2 bhliain a bheidh i ngnáthmhinicíocht an bhfíoruithe sin.

7.5. I gcás ina n-aimsítear torthaí míshásúla le linn fíoruithe agus seiceálacha de bhun mhír 7.4. thuas, áiritheoidh an t-údarás inniúil go ndéanfar gach beart is gá chun comhréireacht táirgeachta a athbhunú a luaithe is féidir.

8. Pionóis mar gheall ar Neamhchomhréireacht Táirgeachta

8.1. Féadfar an ceadú arna dheonú le haghaidh cineál feithicle de bhun an Rialacháin seo a tharraingt siar mura gcomhlíontar an ceanglas a leagtar síos i mír 7.1 thuas nó mura rud é go bhfaigheann na feithiclí pas sna seiceálacha a fhorordaítear i mír 7. thuas.

8.2. Páirtí sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, má dhéanann sé ceadú a dheonaigh sé roimhe sin a tharraingt siar, tabharfaidh sé fógra ina leith sin láithreach do na Páirtithe Conarthacha eile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm chumarsáide a bheidh i gcomhréir leis an sampla atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

9. Ainmneacha agus Seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá Freagrach as Tástálacha Ceadaithe a Dhéanamh agus Ainmneacha agus Seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe

Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe a dheonaíonn ceadú agus ar chucu atá foirmeacha le seoladh lena ndeimhnítear ceadú nó síneadh, nó lena ndiúltaítear nó lena dtarraingítear siar ceadú, arna n-eisiúint i dtíortha eile a chur in iúl do rúnaíocht na Náisiún Aontaithe.

10. Forálacha Idirthréimhseacha

10.1. Ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 01 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha ar fad a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheaduithe a dheonú ná glacadh leo faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 01.

10.2. Amhail ón 1 Meán Fómhair 2017, ní dheonóidh Páirtithe Conarthacha a bhfuil an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu cineálcheaduithe nua ach amháin má chomhlíonann an cineál feithicle atá le ceadú ceanglais an Rialacháin seo arna leasú le sraith leasuithe 01.

10.3. Na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad síntí le cineálcheaduithe a dheonú le haghaidh cineálacha atá ann cheana, ar cineálcheaduithe iad a deonaíodh de réir na sraithe leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo.

10.4. Tar éis dháta theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 01 ar an Rialachán seo, leanfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm de bheith ag glacadh le cineálcheaduithe arna ndeonú i gcomhréir leis an tsraith leasuithe ar an Rialachán a bhí ann roimhe sin.

10.5. Amhail ón dáta oifigiúil a thiocfaidh sraith leasuithe 02 i bhfeidhm, na Páirtithe Conarthacha uile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheaduithe a dheonú ná glacadh leo faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 02.

10.6. Amhail ón 1 Meán Fómhair 2028, ní bheidh oibleagáid ar Pháirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm glacadh le cineálcheaduithe faoi aon cheann den tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin, ar cineálcheaduithe iad a eisíodh den chéad uair tar éis an 1 Meán Fómhair 2028.

10.7. Go dtí an 1 Meán Fómhair 2030, na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm, glacfaidh siad le cineálcheaduithe a bhaineann le sraith leasuithe 01, cineálcheaduithe a eisíodh den chéad uair roimh an 1 Meán Fómhair 2028.

10.8. Amhail ón 1 Meán Fómhair 2030, ní bheidh oibleagáid ar na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm glacadh le cineálcheaduithe a eisíodh faoi aon cheann den tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe.

10.9. Níl an tásc mífheidhme mar a shonraítear i mír 5.11. éigeantach, go dtí an 1 Meán Fómhair 2030, chun cineálcheadú a dheonú do shraith leasuithe 02. Leanfaidh na díolúintí sin de bheith infheidhme i gcás faduithe formheasanna a deonaíodh den chéad uair roimh an 1 Meán Fómhair 2030.”

10.10. Féadfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm cineálcheaduithe a dheonú i gcomhréir le haon sraith leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo.'

10.11. Leanfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe i bhfeidhm de shíntí a dheonú le ceaduithe atá ann cheana faoi aon sraith leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe.'

IARSCRÍBHINN 1

Cumarsáid

(Uasfhormáid: A4 (210 × 297 mm))



Arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin:

……

……

Maidir leis an méid seo a leanas: (2)

Ceadú deonaithe

Ceadú sínithe

Ceadú diúltaithe

Ceadú aistarraingthe

Scor cinntitheach den táirgeadh

de chineál feithicle maidir leis an trealamh luasmhéadair agus odaiméadair lena n-áirítear suiteáil an trealaimh sin de bhun Rialachán Uimh. 39.

Uimh. Ceadaithe …… Fadú Uimh ……

1. Trádainm nó trádmharc na feithicle: ……

2. Cineál feithicle: ……

3. Ainm agus seoladh an mhonaróra: ……

……

4. Más infheidhme, ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra: ……

……

5. Tuairisc ar an trealamh luasmhéadair: ……

5.1. Cóimheas an trealaimh luasmhéadair: ……

6. Tuairisc ar an trealamh odaiméadair: ……

6.1. Cóimheas an trealaimh odaiméadair: ……

6.2. Odaiméadar meicniúil amháin: sea/ní hea

6.3. Tásc mífheidhme (de bhun mhír 5.11.): sea/ní hea

7. Boinn:

7.1. Sonraí na mbonn a fheistítear de ghnáth: ……

(1) Sainuimhir na tíre a dheonaigh ceadú, a chuir síneadh le ceadú, a dhiúltaigh do cheadú nó d'aistarraing ceadú (féach forálacha ceadaithe sa Rialachán).

(2) Scrios amach an méid nach bhfuil feidhm aige.

7.2. Sonraí na mbonn a fheistítear le linn na tástála: .....

8. Mais na feithicle arna tástáil agus dáileadh na maise sin idir na hacastóirí:

.....

9. Athraithigh: .....

10. Cuireadh an fheithicil isteach le haghaidh a ceadaithe an: .....

11. An tSeirbhís Theicniúil atá freagrach as na tástálacha ceadaithe: .....

.....

12. Dáta na tuarascála a d'eisigh an tSeirbhís sin: .....

13. Uimhir na tuarascála a d'eisigh an tSeirbhís sin: .....

14. Ceadú deonaithe/ceadú diúltaithe/síneadh curtha leis an gceadú/ceadú aistarraingthe[2]

15. Suíomh mharc an cheadaithe ar an bhfeithicil: .....

16. Áit: .....

17. Dáta: .....


18. Síniú: .....

IARSCRÍBHINN 2

Leagan Amach Marcanna Ceadaithe

Samhail A

(féach mír 4.4 den Rialachán seo)




a = 8 mm ar a laghad.

Léiríonn an marc ceadaithe thuas atá greamaithe d'fheithicil gur ceadaíodh an cineál feithicle lena mbaineann san Ísiltír (E 4), de bhun Rialachán Uimh. 39. Léirítear leis an uimhir cheadaithe gur deonaíodh an ceadú i gcomhréir le ceanglais Rialachán Uimh. 39 ó na Náisiúin Aontaithe lena n-ionchorpraítear sraith leasuithe 02.

Samhail B

(féach mír 4.5. den Rialachán seo)



a = 8 mm ar a laghad.

Leis an marc ceadaithe thuas a ghreamaítear d'fheithicil, taispeántar gur ceadaíodh an cineál feithicle lena mbaineann san Ísiltír (E 4) de bhun Rialacháin Uimh. 39 agus 33 [1]. Léiríonn na huimhreacha ceadaithe gurb amhlaidh, ar na dátaí a deonaíodh na ceaduithe faoi seach, gur ionchorpraíodh sraith leasuithe 02 i Rialachán Uimh. 39 ó na Náisiúin Aontaithe agus go raibh Rialachán Uimh. 33 fós ina fhoirm bhunaidh.

[1] Tugtar an dara uimhir mar shampla amháin.

IARSCRÍBHINN 3

Cruinneas an Luasmhéadair a thástáil ar mhaithe le Comhréireacht Táirgeachta

1. Coinníollacha tástála

Beidh na dálaí tástála mar a leagtar amach i míreanna 5.3.1. go 5.3.6. den Rialachán seo.

2. Ceanglais

Measfar an táirgeadh a bheith i gcomhréir leis an Rialachán seo má bhreathnaítear an ghaolmhaireacht seo a leanas idir an luas a léirítear ar thaispeáint an luasmhéadair (V_1) agus an luas iarbhír (V_2):

I gcás feithiclí chatagóirí M agus N:

$0 \leq (V_1 - V_2) \leq 0.1\ V_2 + 6$ km/u;

I gcás feithiclí chatagóirí L_3, L_4 agus L_5:

$0 \leq (V_1 - V_2) \leq 0.1\ V_2 + 8$ km/u;

I gcás feithiclí chatagóirí L_1 agus L_2:

$0 \leq (V_1 - V_2) \leq 0.1\ V_2 + 4$ km/u.

IARSCRÍBHINN 4

Cruinneas Trealaimh Odaiméadair a thástáil

0. Déanfar cruinneas an trealaimh odaiméadair dá dtagraítear i mír 5.7. den Rialachán seo a chinneadh i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo. I gcás odaiméadair ina n-úsáidtear aonaid mhéadracha agus impiriúla araon, féadfar, le comhaontú na Seirbhíse Teicniúla, an tástáil a dhéanamh agus aonaid mhéadracha nó aonaid impiriúla á n-úsáid.

Le comhaontú na Seirbhíse Teicniúla agus an Údaráis Cineálcheadaithe, féadfar nósanna imeachta tástála malartacha a úsáid chun cruinneas an trealaimh odaiméadair a chinneadh, ar choinníoll go n-áirithíonn siad an leibhéal céanna cruinnis tástála ar a laghad.

1. Nós Imeachta Tástála

1.1. Déanfar cruinneas an trealaimh odaiméadair a thástáil i gcomhréir leis an nós imeachta seo a leanas:

1.1.1. Beidh na boinn ar cheann de na cineálacha a fheistítear de ghnáth ar an bhfeithicil mar atá sainmhínithe i mír 2.3. den Rialachán seo.

1.1.2. Déanfar an tástáil agus an fheithicil ag a meáchan gan ualach. Is féidir meáchan breise a iompar chun críoch tomhais. Déanfar meáchan na feithicle agus dáileadh an mheáchain sin idir na hacastóirí a léiriú sa chumarsáid maidir le ceadú (féach Iarscríbhinn 1, mír 8.).

1.1.3. Beidh an teocht tagartha ag an odaiméadar 23 ± 5 °C, más ábhartha le haghaidh na tástála, de rogha na Seirbhíse Teicniúla atá freagrach as an tástáil a dhéanamh.

1.1.4. Le linn gach tástála, is é brú na mbonn an gnáthbhrú reatha mar atá sainmhínithe i mír 2.4.

1.1.5. Beidh an ionstraimíocht tástála a úsáidtear chun an t-achar fíor a thaistealaítear a thomhas cruinn go ± 0.5 faoin gcéad.

1.1.5.1. Nuair a úsáidtear raon tástála, beidh dromchla raoin tástála sin cothrom agus beidh greamaitheacht leordhóthanach ann.

1.1.5.2. Má úsáidtear dinimiméadar rollála le haghaidh na tástála, ba cheart trastomhas an rollóra a bheith 0.4 m ar a laghad.

1.1.6. Déantar an fheithicil a thástáil ar luas a d'fhéadfadh a bheith idir 0 agus 100 km/u. Roghnaítear an luas tástála (luas seasta nó raon) i gcomhaontú leis an tSeirbhís Theicniúil atá freagrach as an tástáil a dhéanamh, agus an méid sin bunaithe ar shaintréithe na feithicle agus ar oiriúnacht an bhóthair faoi na dálaí a bhíonn ann (cruth an raoin tástála, trácht eile ar an raon, cuair, etc.).

1.1.7. Tiomáintear an fheithicil go dtí go n-aistríonn an t-odaiméadar go dtí an chéad slánuimhir eile. Ag an bpointe sin, déantar an ionstraimíocht a shocrú ag 0 m. Féadfar an méid sin a dhéanamh agus an fheithicil ina stad.

1.1.8. Tiomáintear an fheithicil feadh 10 gciliméadar nó 7 míle ar a laghad mar a léirítear ar an odaiméadar agus léitear an fíorluach ón ionstraimíocht ag an bpointe a n-aistríonn an t-odaiméadar go dtí an tslánuimhir chomhfhreagrach.

2.0. Torthaí tástála

2.1. Déanfar an cruinneas a ríomh mar a leanas i gcás feithiclí a úsáideann km:

$$\text{Cruinneas (faoin gcéad)} = \frac{(\text{TDi} - \text{TDi0}) * 1{,}000 - \text{TDt}}{\text{TDt}} * 100$$

i gcás inarb é:

TDT: fíorachar a thaistealaítear (m)

TDi0: achar iomlán a léirítear ag tús na tástála (km), de réir mhír 1.1.7.

TDi: achar iomlán a léirítear i ndeireadh na tástála (km).

I gcás feithiclí a úsáideann aonaid impiriúla, déantar an fhoirmle a choigeartú dá réir.

Mar shampla:

— lasca odaiméadair ó 3,529 km go 3,530 km; tá an ionstraimíocht socraithe ag 0 m.

— lasca odaiméadair ó 3,539 km go 3,540 km; 10,260 m atá san ionstraimíocht.

— $\text{Cruinneas (faoin gcéad)} = \frac{(3{,}540 - 3{,}530) * 1{,}000 - 10{,}260}{10{,}260} * 100$

= - 2,5 faoin gcéad

IARSCRÍBHINN 5

Doiciméad Faisnéise

0. Ginearálta

0.1. Déantús (trádainm an mhonaróra):

0.2. Cineál agus tuairisc/tuairiscí ginearálta tráchtála:

0.3. Modh sainaitheantais an chineáil, má tá sé marcáilte ar an bhfeithicil:

0.3.1. Suíomh na marcála sin:

0.4. Catagóir feithicle:

0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra:

0.8. Seoladh/seoltaí na monarchan/monarchana cóimeála:

1. Saintréithe Foirgníochta Ginearálta na Feithicle

1.1. Grianghraif agus/nó líníochtaí d'fheithicil ionadaíoch:

2. Maiseanna agus Toisí (in cg agus mm)

2.6. Mais na feithicle in ord reatha (mais uasta agus íosta i gcás gach athraithigh):

2.6.1. Dáileadh na maise sin idir na hacastóirí agus, i gcás leathleantóra nó leantóir acastóra láir, an t-ualach ar an bpointe cúplála (uas. agus íos):

4. Traiseoladh

4.2. Cineál (meicniúil, hiodrálach, leictreach, etc.): ([1])

4.5. Giarbhosca[2]

4.5.3. Modh rialaithe:

4.6. Cóimheasa giaranna[2]

Giar	*Cóimheasa inmheánacha an ghiarbhosca (na cóimheasa maidir le himrothluithe an tseafta aschuir idir an t-inneall agus an giarbhosca)*	*Cóimheas/nó cóimheasa tras-seolta deiridh (an cóimheas maidir le himrothluithe idir seafta aschuir an ghiarbhosca agus an roth tiomána)*	*Iomlán na gcóimheas giaranna*
Uasmhéid i gcás CVT (*)			
1			
2			
3			
…			
Íosmhéid i gcás CVT*			
Aisiompaithe			

(*) Traiseoladh athraitheach leanúnach.

([1]) Ná tabhair ach amháin más ábhartha do threalamh luasmhéadair agus/nó odaiméadair.

4.7. Luas uasta feithicle (in km/u):

4.8. Luasmhéadar agus odaiméadar

Luasmhéadar:

4.8.1. Modh oibríochta agus tuairisc ar an meicníocht tiomána:

4.8.2. Tairiseach ionstraime:

4.8.3. Lamháltas na meicníochta tomhais (de bhun mhír 2.2.3.):

4.8.4. Cóimheas foriomlán an tras-seolta (de bhun mhír 2.2.2.) nó sonraí coibhéiseacha:

4.8.5. Léaráid de scála an luasmhéadair nó de shaghsanna taispeána eile:

Odaiméadar:

4.8.6. Tairiseach teicniúil an odaiméadair (de bhun mhír 2.2.4.):

4.8.7. An líon uimhreacha:

4.8.8. Odaiméadar meicniúil amháin (de bhun mhír 2.6.7.): sea/ní hea

4.9. Tuairisc ar an Tacagraf nó ar an trealamh Taifeadta (de bhun mhír 2.6.5.) nó an tAonad Athsholáthair Tacagraif (de bhun mhír 2.6.6.) (má tá sé feistithe): (má tá sé feistithe):

6. Fionraí

6.6 Boinn agus Rothaí

6.6.2. Teorainneacha uasta agus íosta na ngathanna rollta

6.6.2.1. acastóir 1:

6.6.2.2. acastóir 2:

6.6.2.3. acastóir 3:

6.6.2.4. acastóir 4:

etc.

6.6.3. Brúnna bonn mar atá molta ag monaróir na feithicle (in kPa):